# Tuarascáil Bhliantúil an Choiste a Ceapadh chun Monatóireacht a dhéanamh ar Éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha

# 2015

Tá fáil ar chóip den tuarascáil seo ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána, www.garda.ie agus ar láithreán gréasáin Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig, www.iyjs.ie.

Biúró an Gharda Síochána don Chaidreamh Pobail
An Garda Síochána
Cearnóg Fhearchair
Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01) 666 38 31/2/3/4
Facs: (01) 666 38 27
Ríomhphost: youthdiversion@garda.ie

# CLÁR ÁBHAR

1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Choiste ........ 3

2. Forbhreathnú ar an gCoiste ........ 4

3. Achoimre Feidhmiúcháin ........ 5

4. Forbhreathnú ar an gClár Athstiúrtha ........ 6

5. Tuarascáil Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha ........ 8

6. Struchtúr na hOifige agus an Líonra Athstiúrtha ........ 10

7. Oiliúint a cuireadh ar Oifigigh Idirchaidrimh don Óige ........ 11

8. Faisnéis Staitistiúil ........ 12

9 . Ceartas Aisiríoch ........ 21

10. Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána ........ 23

11. Forbairtí a tháinig in 2015 ar Athstiúradh ........ 25

12. Moltaí ........ 26

# 1 TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE



**A Choimisinéir, a chara,**

Is deas liom, mar chathaoirleach an Choiste Monatóireachta a ceapadh faoi alt 44(1) d'Acht na Leanaí, 2001, chun Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2015 a chur i láthair.

Léirítear sa tuarascáil gníomhaíochtaí an Choiste Monatóireachta agus an Chláir Athstiúrtha i rith 2015 agus leagtar amach inti na gníomhartha a mholtar don bhliain 2016. Cuirtear in iúl inti, chomh maith, an rialachas a d'fhorchuir Alt 44 den Choiste Monatóireachta ar an gClár Athstiúrtha Óige. Bhí Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha i dteannta an Choiste ag a chuid cruinnithe roinnt uaireanta chun plé a dhéanamh ar cheisteanna a bhain le hábhar.

Chuir an Coiste i gcuntas go ndearnadh 9,807 leanbh a atreorú chuig an gClár Athstiúrtha in 2015. As na leanaí siúd a atreoraíodh, tugadh cead isteach do 7,282 duine díobh chuig an gClár. Bhí na leanaí a atreoraíodh bainteach i 19,513 teagmhas, líon atá 2% níos ísle ná figiúr 2014. Tá seo ar aon dul leis an treocht anuas ar choireanna faoina dtugann leanaí agus cuirtear fáilte mhór roimhe, agus is ionann agus dea-léiriú é ar iarrachtaí agus ar rath an Chláir Athstiúrtha Óige ar fud an Stáit.

I rith 2015, lean an Clár Athstiúrtha Óige leis an úsáid a bhaintear as Ceartas Aisiríoch a fhorbairt agus eisíodh 891 rabhadh. Leanfar le húsáid a bhaint as Ceartas Aisiríoch mar chuid den Chlár Athstiúrtha, anuas ar chleachtais aisiríocha a chur chun cinn mar bhealach chun oibriú i measc na ngairmithe uile atá freagrach as folláine leanaí agus daoine óga.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha, an Ceannfort Colette Quinn agus lena foireann ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána agus leis na hOifigigh Idirchaidrimh don Óige ar fud na tíre as ucht a ndíograise, a dtiomantais agus a saothair den scoth i rith na bliana 2015.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na baill reatha ar Choiste Monatóireachta Alt 44 - an Ceannfort Karl Heller, an tUasal Eddie D'Arcy, an Dr Jennifer Carroll MacNeill agus an Sáirsint Majella Armstrong (Rúnaí don Choiste) as ucht a gcuid iarrachtaí agus a ndúthrachta i gcaitheamh na bliana. Ba dheas liom, ina theannta sin, mo bhuíochas a chur in iúl do bhaill an choiste atá ag fágáil – an tArd-Cheannfort Anne Marie McMahon agus an tUasal John Cheatle, B.L., as ucht na hoibre a rinne siad i rith a dtionachta ar an gCoiste.

____________________________**Coimisinéir Cúnta**
**A.J. Nolan**

# 2
# FORBREATHNÚ AR AN GCOISTE

Foráiltear le hAlt 44 d'Acht na Leanaí 2001 go gceaptar Coiste chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha. Baineann téarmaí tagartha an Choiste le:

- monatóireacht ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha..
- athbhreithniú ar gach gné dá oibriú.
- monatóireacht ar gach éileamh oiliúna leanúnach de chuid na n-áisitheoirí.
- cur tuarascála bliantúla faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána i leith a ghníomhaíochtaí i rith na bliana.

Is iad tascanna an Choiste ná chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- scrúdú a dhéanamh ar bhainistiú agus soláthar éifeachtach an Chláir Athstiúrtha.
- dea-chleachtais a aithint i riaradh an Chláir.
- measúnú a dhéanamh ar na dea-chleachtais d'oiliúint áisitheoirí agus chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar oiliúna.
- modheolaíochtaí a chur i dtoll a chéile do bhreithmheas agus tomhas éifeachtacht an Chláir.



Bíonn **An Leas–Choimisinéir Jack Nolan PhD,** freagrach as oifig Forbartha Eagrúcháin agus Pleanála Straitéisí, Ceanncheathrú an Gharda Síochána, i dteannta le Réigiún Oirdheiscirt an Gharda Síochána. Bhí poist aige roimhe seo mar Choimisinéir Réigiúnach do Réigiún an Iarthair, Stiúrthóir Oiliúna agus Forbartha ag Coláiste an Gharda Síochána agus Ceannaire na Rannóige um Bainistiú Athruithe i gCeanncheathrú an Gharda Síochána.



Chuaigh **an tArd-Cheannfort Karl Heller** leis an nGarda Síochána i 1982 agus d'fhóin sé ag Stáisiúin Ghardaí Fhionnghlaise, Bhaile Munna, na Cúlóige agus Shoird, anuas ar Choláiste an Gharda Síochána. Ceapadh é ina Cheannfort in 2007 agus d'fhóin sé ag Stáisiún Gardaí Charraig Mhachaire Rois agus ag Biúró an Gharda Síochána don Chaidreamh Pobail. Tugadh ardú céime aníos go dtí Ard-Cheannfort dó in 2015 agus is é an tOifigeach Roinne faoi láthair ag Biúró an Gharda Síochána don Chaidreamh Pobail. Bhain sé M.Sc amach i gCosaint Leanaí (Coláiste na Tríonóide).



Is oibrí óige gairmiúil é **Eddie D'Arcy** a bhfuil taithí de bhreis ar 35 bliain aige, lena n-áirítear 15 bliana mar bhainisteoir ar Sheirbhís Óige Bhaile Uí Rónáin agus 6 bliana mar Cheann Seirbhísí Oibre don Óige le Cúram don Óige Chaitliceach. Ba eisean a d'fhorbair an chéad Tionscadal Athstiúrtha Óige de chuid an Gharda Síochána (GRAFT). Tá sé ina léachtóir faoi láthair leis an Obair don Óige ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus tá sé ag oibriú le Tionscadal Compass a thacaíonn le ciontóirí óga i ndiaidh go scaoiltear iad ón bpríosún.



Abhcóide í **an Dr Jennifer Carroll MacNeill** agus b'aturnae agus eolaí polaitiúil í roimhe seo. Comhúdar í le 'The Children Court: A National Study', a d'fhoilsigh an Cumann um Thaighde agus Fhorbairt Ceartais Choiriúil in 2007.D'oibrigh sí sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Ceapadh í leis an gCoiste Monatóireachta i nDeireadh Fómhair 2015.

# 3
# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

- B’ionann an líon iomlán leanaí a atreoraíodh chuig an gClár in 2015 agus 9,807 i gcomparáid le 9,991 in 2014.

- In 2015, tháinig laghdú 2% ar an líon atreoruithe chuig an gClár Athstiúrtha Óige.

- Déileáladh le cás 4,860 leanbh (50% díobh) trí rabhadh neamhfhoirmiúil i gcomparáid le 4,925 (49%) in 2014.

- Déileáladh le cás 2,422 leanbh (25% díobh) trí rabhadh foirmiúil agus is ionann an líon seo agus an céatadán leanaí ar déileáladh leo ar an mbealach céanna in 2014 (2,526 leanbh).

- B’ionann an líon iomlán teagmhas a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha i rith 2015 agus 19,513 i gcomparáid le 19,854 in 2014.

- Glacadh le 7,282 (74%) de na leanaí isteach sa Chlár Athstiúrtha i gcomparáid le 7,451 (74%) in 2014.

- Measadh nach raibh 1,479 (15%) leanbh oiriúnach lena gcuimsiú sa Chlár i gcomparáid le 1,582 (16%) in 2014.

- Ba leanaí baineanna iad 25% de na leanaí a atreoraíodh chuig an gClár, agus ba leanaí fireanna iad 75% díobh, arbh ionann sin agus figiúirí 2014.

- Leanadh ar aghaidh le Clár Ceartais Aisiríoch an Gharda Síochána a fhorbairt, inar cuireadh chun cinn an cleachtas aisiríoch san idirghabháil athstiúrtha óige. Bhain na hOifigigh Idirchaidrimh don Óige leas as Ceartas Aisiríoch in 891 atreorú.

- Is ionann goid agus cionta gaolmhara (28.6%), Ord Poiblí (22.7%), agus díobháil a dhéanamh do mhaoin agus don timpeallacht (11.3%) agus na príomhchatagóirí cionta dá n-atreoraítear leanaí.

- Is ionann líon reatha fhoireann an Gharda Síochána a oibríonn sa Chlár Athstiúrtha agus 127,112 atá ceangailte le ceantair an Gharda Síochána ar fud na tíre.

# 4
# FORBHREATHNÚ AR AN GCLÁR ATHSTIÚRTHA

Nuair a bhíonn duine faoi bhun 18 bliain d'aois freagrach as coir éigin, is féidir plé leis an gcás ar cheachtar den dá bhealach a leanas;

1. Is féidir rabhadh a thabhairt don duine óg, bíodh rabhadh foirmiúil nó neamhfhoirmiúil i gceist leis,
   nó
2. Is féidir iad a thabhairt os comhair na cúirte.

Caithfear rabhadh a bhreithniú do dhuine óg ar dtús sula dtugtar os comhair na cúirte iad. Is foláireamh atá sa rabhadh ó Oifigeach Idirchaidrimh an Gharda Síochána don Óige, agus áirítear leis plé faoin gcoir atá i gceist. Is é Ceannfort an Gharda a ghlacann an cinneadh chun rabhadh nó ionchúiseamh a thabhairt ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. Tugtar an Clár Athstiúrtha ar an gclár malartach seo chun plé le daoine óga a dhéanann cion nó coir éigin. Oibrítear an clár seo faoi reachtaíocht arna leagan amach in Acht na Leanaí, 2001.

### CUIMSIÚ SA CHLÁR ATHSTIÚRTHA

Is ann do roinnt critéar a chaithfear a chomhlíonadh sular féidir a mheas go bhfuil duine óg oiriúnach do rabhadh agus dá áireamh leis an gClár Athstiúrtha.

Caitheann an duine óg an méid seo a leanas a dhéanamh:

- glacadh le freagracht as an iompar ciontaithe,
- comhaontú le rabhadh a fháil,
- comhaontú de réir mar is cuí le téarmaí na maoirseachta.

Is faoi Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha a bhíonn sé chun cinneadh a dhéanamh faoi oiriúnacht duine óig lena áireamh sa chlár. Agus an cinneadh sin á dhéanamh, féadann an Stiúrthóir tuairimí a lorg ó íospartach ar bith, ach is faoin Stiúrthóir é an cinneadh deireanach.

### CONAS A OIBRÍONN AN PRÓISEAS?

Is amhlaidh i ngach aon chás a dhéanfaidh Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (OIÓ) teagmháil leis an duine óg agus a mbuailfidh siad leo chun an t-iompar ciontaithe a phlé. Féadann an cruinniú sin tarlú i mbaile an linbh nó sa Stáisiún Garda. Caitheann an leanbh agus tuismitheoir(í) nó caomhnóir an linbh bheith i láthair. I gcaitheamh an phlé sin is amhlaidh a bheifear ag dúil ón duine óg go ngeallfaidh siad gan cionta a dhéanamh amach anseo. Déanfaidh an OIÓ agus an teaghlach iarracht chun tacú le pé iarrachtaí a bhíonn an duine óg toilteanach a dhéanamh chun aon iompar ciontaithe amach anseo a chosc. Is é OIÓ, Cigire Garda nó an Ceannfort Garda a thabharfaidh an rabhadh.

### CÉ A DHÉANANN AN CINNEADH AN OIRIÚNACH NÓ NACH OIRIÚNACH É AN DUINE?


Is é Ceannfort Garda ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána a dhéanfaidh an cinneadh chun duine a áireamh leis an gClár Athstiúrtha, ar a dtugtar Stiúrthóir an Chláir. Agus a c(h)inneadh á dhéanamh aige/aici, is féidir an Stiúrthóir breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- Cineál an chiona
- Tuairimí an íospartaigh
- Leasanna na sochaí
- Tuairimí an Gharda gabhála
- Tuairimí an OIÓ
- Dearcadh agus tuairimí an duine óig a rinne an cion
- Tuairimí thuismitheoirí nó chaomhnóir an duine óig
- Cé acu ar gabhadh nó nár gabhadh leithscéal
- Cé acu an féidir nó nach féidir rud ar bith a dhéanamh chun an díobháil a chur ina ceart
- Baint roimhe seo an linbh sa chlár.

### CAD IS MAOIRSEACHT ANN?

Is féidir an duine óg a chur faoi mhaoirseacht an OIÓ ar feadh tréimhse 12 mhí nuair a thugtar rabhadh dó/di. Is é an OIÓ a dhéanfaidh cinneadh i leith chineál na maoirseachta, agus beidh éagsúlacht ann ó chás go chéile. Cuir i gcás go mbaineann comhaontú an duine óig leis chun dul i mbun gníomhaíochtaí áirithe, freastal ar thionscadal óige, nó nach foláir don duine óg tuairisciú a dhéanamh leis an OIÓ nó chuig Gardaí eile ag tráthanna ar leith.

Tugtar cuntas sa léarscáil phróisis thíos ar conas a oibríonn an Clár Athstiúrtha ón tráth a bhraitear an cion i dtosach báire go dtí go meastar go bhfuil an leanbh oiriúnach lena chuimsiú sa chlár agus go dtugtar rabhadh dó/di nó go meastar nach bhfuil sé/sí oiriúnach lena chuimsiú sa chlár.



Fíor 1: An Próiseas Athstiúrtha Óige (Foinse: an Oifig Athstiúrtha Óige 2016)

# 5
# TUARASCÁIL STIÚRTHÓIR AN CHLÁIR ATHSTIÚRTHA



Mar Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha, is deas liom cur le Tuarascáil an Choiste Monatóireachta 2015. Cheap Coimisinéir an Gharda Síochána mé mar Stiúrthóir in 2007 agus thug mé treorú maidir le thart ar 230,000 cás go dtí seo. Is é seo an chéad uair a cuireadh ráiteas Stiúrthóra san áireamh, mar sin, ba mhaith liom plé a dhéanamh athuair ar roinnt de na gnéithe bunúsacha den Chlár Athstiúrtha.

Is cuí go mbíonn iarmhairtí soiléire i gceist do dhuine aonair, bíodh duine fásta nó leanbh i gceist, a sháraíonn an dlí. D'fhonn go ndéanaimid ár bpobail a chosaint go cuí, ní foláir do na hiarmhairtí seo an tacaíocht agus na deiseanna a sholáthar do na daoine aonair a theastaíonn uathu d'fhonn go ndéanfar iad a athshlánú agus go gcuirfidh siad go dearfach leis an tsochaí.

Tá úsáid á baint, le fada an lá, ag an nGarda Síochána as athstiúradh chun dul i ngleic le hiompar ciontaithe leanaí. Gabhann an Scéim Oifigigh Idirchaidrimh don Óige tosaigh siar go dtí tráth luath sna 1960idí; ba scéim dheonach í agus bronnadh bonn reachtúil ar an scéim nuair a tugadh isteach Acht na Leanaí, 2001. Ó na laethanta luatha siúd i leith, is fada atá cúrsaí tagtha chun cinn. Shínigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh i 1990 a cheanglaíonn ar bhallstáit chun gníomhú i dtaobh sárleasanna leanaí, chun díriú ar luath-idirghabháil, cosc agus athstiúradh ón gcóras ceartais choiriúil, a chinntiú go n-éistear le glór leanaí nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh fúthu agus go gcaitear le leanaí gan idirdhealú. Aithnítear sa Choinbhinsiún go bhfuil an ceart ag leanaí chun a dtuairimí a chur in iúl agus go n-éistear leis na tuairimí siúd agus go ngníomhaítear ina leith. Is i gcoinne an chúlra seo gur lean forbairt ag teacht ar an gClár Athstiúrtha.

I rith 2015, chuir an grúpa oibre, a bhunaigh Coimisinéir an Gharda Síochána, Nóirín O'Sullivan, tús le scrúdú a dhéanamh ar an gClár Athstiúrtha. Thug an tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána faoi athbhreithniú ar Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána i gcomhthráth leis an obair seo. Díríonn an dá ghrúpa ar scrúdú a dhéanamh ar chleachtais agus nósanna imeachta reatha, an Clár a athbhreithniú in aghaidh dea-chleachtas idirnáisiúnta agus fís a leagan amach le haghaidh Athstiúradh Óige. Táthar ag súil leis go ndéanfaidh an dá ghrúpa torthaí agus moltaí a thuairisciú i rith 2016.

Níl aon bhealach singil nó simplí ann chun cosc a chur ar leanbh aonair nó ar dhuine óg aonair ó chiontú. Is minic go n-áirítear leis na tosca a bhaineann le ciontú daoine óga an méid seo a leanas:

brú piarghrúpa drochghnóthachtáil ar scoil, múitseáil agus eisiamh scoile saincheisteanna pearsanta ar nós mí-úsáid a bhaint as drugaí nó alcól nó saincheisteanna meabhairshláinte díothacht, ar nó drochthithíochta nó easpa dídinebeatha chorrach sa bhaile, drochthuistiú, duine muinteartha ar coirpeach é/í, foréigean nó mí-úsáid ina measc.

Chun dul i ngleic leis na tosca seo, agus le gnéithe sonracha eile de chiontú nó d'athchiontú linbh nó duine óige, teastaíonn ionchur ó réimse gníomhaireachtaí agus seirbhísí ar leibhéal straitéiseach chun soláthar seirbhíse áitiúil a phleanáil agus chun acmhainní a chur ar fáil dó, agus ar leibhéal praiticiúil nuair a dhéantar cinneadh faoi phacáiste idirghabhála chun cabhrú le cosc a chur ar leanbh aonair nó ar dhuine óg aonair ó chiontú a dhéanamh, agus an pacáiste sin a sholáthar.

Príomhghné chun seo a bhaint amach is ea comhoibriú agus oibriú idirghníomhaireachta. Lean Oifig Athstiúrtha an Gharda Síochána lena rannpháirtíocht lena comhpháirtithe san oideachas, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig i rith 2015.

In 2015, rinneadh 9,807 leanbh, ar an iomlán, a atreorú chuig an gClár Athstiúrtha agus tugadh cead isteach do 7,282 (74%) duine díobh chuig an gClár. Déileáladh le 4,860 cás (50%), ar an iomlán trí rabhadh neamhfhoirmiúil, a chiallaíonn gurbh ionann an t-iompar coiriúil agus iompar ar leibhéal sách íseal agus iompar aonuaire. Léirítear sna figiúirí siúd go ndéanann tromlach na leanaí a thugann faoi iompar cion-taithe amhlaidh líon beag uaireanta agus, ar aon dul leis an méid a thugtar faoi deara i ndlínsí eile, is dóchúil go gcaithfidh siad in aer an t-iompar seo faoi thráth déanach sna déaga nó faoi thráth luath sna fichidí. Ar an ábhar sin, bealach bailí is ea athstiúradh lena chinntiú fiú nuair a dhéanann leanbh cion, nach mbíonn orthu gabháil tríd an bpróiseas ionrach cúirte, ach gur féidir an dara deis a thabhairt dóibh.

B'ionann an líon leanaí a atreoraíodh ar tugadh rabhadh foirmiúil dóibh agus 2,422 (25%). Sna cásanna seo, bhain cineál ní ba thromchúisí leis an gciontú agus rinne Oifigeach Idirchaidrimh don Óige maoir-seacht air/uirthi ar feadh a fhad le bliain amháin. Sa chatagóir seo, bhí go leor de na tosca a luaitear thuas i gceist agus spreag riachtanais leasa an linbh freagairt ilghníomhaireachta. Tacaíonn torthaí taighde, go ginearálta, leis an dearcadh go bhfuil idirghabháil a sholáthraítear sa phobal i bhfad níos éifeachtaí chun athchiontú a laghdú ná iad siúd a sholáthraítear i suíomhanna institiúide nó coimeádta. B'fhéidir nach rachadh breis infheistíochta ar leibhéal an phobail ní hamháin i ngleic le riachtanais leanaí agus daoine óga ar bhealach níos iomlánaí agus níos éifeachtaí, ach b'fhéidir go laghdóidh sé an dóchúlacht go ndéanfar ciontú breise, chomh maith.

Cuireann an Clár Athstiúrtha Ceartas Aisiríoch agus úsáid cleachtas aisiríoch chun cinn mar bhealach chun oibriú le leanaí agus daoine óga a raibh a n-iompar mar údar le díobháil a dhéanamh dá n-íospartach nó le suaitheadh a chur ar a n-íospartach. Dírítear ar an díobháil a dhéantar d'íospartach nó an díobháil a no-chtann an t-iompar coiriúil a chur ina ceart. In 2015, riar an Clár Athstiúrtha 891 rabhadh a bhain úsáid as cur chuige ceartais aisiríoch sa chás go raibh an t-íospartach i láthair agus san áireamh sa phróiseas.


Mar gheall gurb ionann athstiúradh agus croíphrionsabal de chuid córas nua-aimseartha ceartais i leith an aosa óig, mhol an Coiste um Chearta an Linbh (2007) go ndéanann na húdaráis iarrachtaí tríd an bpróiseas ceartais choiriúil chun "fiosrú leanúnach a dhéanamh ar fhéidearthachtaí roghanna eile ar chiontú cúirte" agus ar roghanna eile, ar nós athstiúrtha, a chuirtear chun cinn pé áit a bhféadfaidís dul chun sárleasa an linbh. Mar thoradh air sin, rachadh sé chun sochair gairmithe a dhéileálann le leanaí agus le daoine óga sa chomhthéacs seo ó oiliúint idirdhisciplíneach agus ó fhís choiteann agus ó chomhfhís a fhorbairt ar aon dul le prionsabail an athstiúrtha.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le gach duine de na 112 Oifigeach Idir-chaidrimh don Óige atá ag oibriú ar fud na tíre, leis an bhfoireann ag an Oifig Náisiúnta agus le mo chomhghleacaithe túslíne as na holliarrachtaí a rinne siad i rith 2015 lena chinntiú go soláthraítear seirbhís inmholta do leanaí, daoine óga agus dá dteaghlaigh.

Ina theannta sin, ba mhaith liom aitheantas agus buíochas a chur in iúl do chomhaltaí an Choiste Monatóireachta a ceapadh faoi alt 44(1) d'Acht na Leanaí, 2001 don tacaíocht a thug siad i rith 2015.

**________________________________Ceannfort**
**Colette Quinn BL**
**Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha**

# 6 STRUCHTÚR NA HOIFIGE AGUS AN LÍONRA ATHSTIÚRTHA



# 7 OILIÚINT A CUIREADH AR OIFIGIGH IDIRCHAIDRIMH DON ÓIGE

Leagtar in Acht na Leanaí, 2001 dualgas ar Choimisinéir an Gharda Síochána chun oiliúint a sholáthar dóibh siúd atá bainteach sa Chlár Athstiúrtha a éascú. Cuireann an Garda Síochána oiliúint shonrach ar Oifigigh Idirchaidrimh don Óige (OIÓanna), a chuimsíonn an méid a leanas;

### Próifíl Róil do OIÓ

D'fhonn go ndéanfar OIÓ de Gharda, caithfidh sé/sí taithí 5 bliana a bheith aige/aici ar phóilíneacht agus ar imscrúdú a dhéanamh ar choireacht agus eolas maith a bheith aige/aici ar bheartais, cleachtais agus nósanna imeachta an Gharda Síochána. Tá cáilíochtaí tríú leibhéal i staidéar pobail, seirbhísí sóisialacha, ógánach, síceolaíocht nó limistéir ábhartha eile inmhianaithe chomh maith. Nuair a dhéantar iarratas ar phost OIÓ, déanfar measúnú ar iarrthóirí i leith réimse inniúlachtaí, ina measc meas ar éagsúlacht, díriú ar an bpobal agus ar chustaiméirí, fadhbréiteach, freagracht phearsanta agus cumarsáid éifeachtach.

### Oiliúint Ionduchtúcháin OIÓ

Cuirtear oiliúint ionduchtúcháin ar na Gardaí a cheaptar ina nOifigigh Idirchaidrimh don Óige ina ndírítear ar na dualgais dlíthiúla agus reachtúla faoi bhun an róil. Áirítear leis an oiliúint teagasc sa dea-chleachtas idirnáisiúnta i limistéar an cheartais ógánach i dteannta le treoir faoi na próisis agus na nósanna imeachta riaracháin atá le comhlíonadh nuair a théitear i ngleic le ciontóirí óga.

### Oiliúint Idirghabhála

Cuirtear oiliúint ar Oifigigh Idirchaidrimh don Óige i scileanna agus teicnící réitigh coimhlinte. Díríonn an oiliúint sin ar na próisis idirghabhála chun cumarsáid a fheabhsú, chun mothúcháin a mhaolú agus chun caidreamh a chaomhnú. Is clár creidiúnaithe é an clár oiliúna a mhaireann seasca uair an chloig, agus caithfidh na OIÓanna tabhairt faoi, faoi Acht na Leanaí, 2001.

### Oiliúint i Scileanna Áisitheora um Cheartas Aisiríoch

Is teoiric an cheartais é an Ceartas Aisiríoch atá dírithe ar íospartaigh agus ar an bpobal, ina leagtar béim ar cheartú na díobhála a dhéantar trí iompar coiriúil.

Tugtar míniú air i dTuarascáil Dheireanach an Choimisiúin Náisiúnta um an gCeartas Aisiríoch (2009) mar seo a leanas: *"Is freagra é an Ceartas Aisiríoch do chionta coiriúla lena mbaineann íogaireacht d'íospartaigh, a mbíonn an aidhm aige trí dhlúthbhaint leo siúd a dtéann an choireacht i bhfeidhm orthu chun an díobháil a rinneadh d'íospartaigh agus pobail a chúiteamh, agus lena n-éascaítear d'athshlánú agus comhtháthú an chiontóra isteach sa tsochaí ("Restorative Justice is a victim-sensitive response to criminal offending which through engagement with those affected by crime, aims to make amends for the harm that has been caused to victimsand communities and which facilitates offender rehabilitation and integration into society").*

Cuirtear cúrsa creidiúnaithe sna Cleachtais Aisiríocha trí lá ar na hOifigigh Idirchaidrimh don Óige. Soláthraíonn an cúrsa na scileanna do na OIÓanna chun rabhaidh aisiríocha a éascú agus chun leas a bhaint as cleachtais aisiríocha ina ndlúthbhaint le ciontóirí óga.

### Ard-Dioplóma sa Cheartas Ógánach - Óstaí an Rí


Dírítear sa chlár páirtaimseartha seo ar na saincheisteanna tábhachtacha, dlí agus dlíthiúla suntasacha maidir le leanaí a bhíonn páirteach sa chóras ceartais choiriúil. Dírítear é den chuid is mó ar chiontú ógánach, agus tugtar aghaidh ann freisin ar ról an linbh mar fhinné sna himeachtaí ceartais choiriúil. Leagtar béim phraiticiúil láidir sa Chlár ar roinnt aoi-léachtaí ó dhaoine aonair a oibríonn le leanaí i limistéir éagsúla den chóras ceartais choiriúil in Éirinn.

Ligtear do na mic léinn trí na léachtaí ábhartha chun tuiscint ghrinn a fhorbairt ar fhorálacha dlíthiúla; beartais; treochtaí ag éirí aníos; taighde; dioscúrsa acadúil reatha agus an dea-chleachtas a nglactar leis i limistéar chionta ógánach. Rinne 12 OIÓ an cúrsa sa bhliain 2015.

# 8
# FAISNÉIS STAITISTIÚIL


## LEANAÍ A ATREORAÍODH:

Atreoraíodh 9,807 leanbh in 2015, arb ionann sin agus 2% ní ba lú ná na 9,991 leanbh a atreoraíodh in 2014.




**Fíor 2 - Líon na bpáistí a atreoraíodh 2007 - 2014**

Bhí 26% de na leanaí a atreoraíodh faoi bhun 15 bliana d'aois in 2015 agus bhí 33% de na leanaí a atreoraíodh faoi 17 mbliana d'aois.




**Fíor 3 – Aois leanaí a atreoraíodh in 2015**

*** D'fhéadfadh nach ionann iomlán na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú**

Ba bhuachaillí 75% agus ba chailíní 25% de na leanaí a atreoraíodh.

Ba Rabhadh Neamhfhoirmiúil an saghas atreoraithe is déanaí a tugadh do 50% de na leanaí a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha in 2015.

Ba bhuachaillí 66% de na leanaí arbh é Rabhadh Neamhfhoirmiúil an rabhadh ba dhéanaí a tugadh dóibh agus measadh go raibh 87% de na leanaí Neamhoiriúnach don Chlár Athstiúrtha mar gheall gurbh ionann a dtoradh ba dhéanaí agus buachaillí, chomh maith. .

| Leanaí (an t-atreorú is déanaí) | Iomlán | %+ | Fireann | Baineann |
|---|---|---|---|---|
| Rabhadh Neamhfhoirmiúil | 4,860 | 50% | 66% | 34% |
| Rabhadh Foirmiúil | 2,422 | 25% | 84% | 16% |
| Neamhoiriúnach don Chlár Athstiúrtha | 1,479 | 15% | 87% | 13% |
| Gníomh Breise ar Bith | 571 | 6% | 68% | 32% |
| Eile* | 475 | 5% | 86% | 14% |
| Olliomlán | 9,807 | 100% | 75% | 25% |

**Áirítear leis seo iarrataí ar bhreis faisnéise*


**Tábla 1 – Toradh an atreoraithe is déanaí le haghaidh Leanaí a atreoraíodh in 2015**
**+ D'fhéadfadh nach ionann iomlán na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú**

Ní raibh ach atreorú amháin faighte ag 71% de na leanaí in 2015 agus fuair siad 6 atreorú nó níos mó in 2015. Astu siúd a atreoraíodh uair amháin in 2015, ba bhuachaillí 71% díobh agus ba chailíní 29% díobh. Ba bhuachaillí, den chuid ba mhó, a bhí i gceist le leanaí a raibh 6 atreorú nó níos mó acu, agus ba chailíní ach 10% díobh.

| Atreoruithe in 2015 | Iomlán | %+ | Fireann | Baineann |
|---|---|---|---|---|
| Ceann amháin | 6,933 | 71% | 71% | 29% |
| 2-3 atreorú | 1,849 | 19% | 82% | 18% |
| 4-5 atreorú | 480 | 5% | 85% | 15% |
| 6 atreorú nó os a chionn | 545 | 6% | 90% | 10% |

**+Tábla 2 – Líon na n-atreoruithe in aghaidh an linbh in 2015**

**+ D'fhéadfadh nach ionann iomlán na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú**




**Fíor 4 – Próifíl aoise leanaí de réir líon na n-atreoruithe**

Baineann comhréir níos mó d'atreoruithe le leanaí níos sine agus b'ionann iad siúd atá 17 mbliana d'aois nó níos sine agus 33% díobh siúd a atreoraíodh agus b'ionann leanaí 12 bhliain d'aois agus ach 4% díobh.

| | Ceann amháin | 2-3 atreorú | 4-5 atreorú | 6 atreorú nó os a chionn | % de réir Aoise⁺ |
|---|---|---|---|---|---|
| 12 bh. | 342 | 63 | 13 | 7 | 4% |
| 13 bl. | 622 | 137 | 34 | 21 | 8% |
| 14 bl. | 1,012 | 215 | 54 | 51 | 14% |
| 15 bl. | 1,305 | 357 | 85 | 90 | 19% |
| 16 bl. | 1,469 | 435 | 121 | 140 | 22% |
| 17 mbl. | 2,157 | 637 | 172 | 229 | 33% |
| 18 mbl. | 6 | 2 | 1 | 6 | 0% |
| *Ní áirítear leis seo ach atreoruithe a bhaineann le daoine aonair a cuireadh i gcuntas amhail bheith idir 12 agus 18 mbliana d'aois* | | | | | |

**Tábla 4 – Líon na n-atreoruithe in aghaidh an linbh de réir aoise**
**+ D'fhéadfadh nach ionann iomlán na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú**

Baineann an chuid is mó de na torthaí 'Rabhadh Neamhfhoirmiúil' agus 'Gníomh Breise ar Bith' le leanaí nach fuair ach atreorú amháin in 2015. Atreoraíodh 70% díobh siúd a measadh a bhí Neamhoiriúnach lena gcuimsiú sa Chlár 6 huaire nó ní ba mhó in 2015.

| | Líon na nAtreoruithe in 2015 | | |
|---|---|---|---|
| Saghas an Atreoraithe | Ceann amháin | 2-5 atreorú | 6 nó os a chionn |
| Rabhadh Neamhfhoirmiúil | 69% | 28% | 2% |
| Rabhadh Foirmiúil | 29% | 51% | 20% |
| Neamhoiriúnach do gach Cás | 7% | 23% | 70% |
| Gníomh Breise ar Bith | 55% | 22% | 24% |
| Eile | 40% | 51% | 10% |

**Tábla 5 – Líon na n-atreoruithe de réir saghais**
*D'fhéadfadh nach ionann iomlán na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú*

**NÓTA:** *Tugtar cuntas sa tuarascáil ar gach atreorú a ndearnadh treorú orthu ar deireadh ar an dáta sin. Cruthaíodh i bhfad ní ba mhó atreoruithe agus tá siad ag gabháil tríd an bpróiseas riaracháin sular féidir treorú deiridh a dhéanamh orthu.*
*Is féidir le hatreoruithe an stádas a leanas a bhaint amach:*

- *Ar feitheamh críochnaithe*
- *Dréacht*
- *Comhad Creatlaí arna Iarraidh*
- *Tuairisc Chumhdaigh arna hIarraidh*
- *Comhfhreagras faighte*
- *Tuarascáil an OIÓ ag teastáil*

*Tá aon atreorú a bhaineann an stádas thuas amach sa phróiseas riaracháin go fóill agus is ionann seo agus 'daoine eile' sa tuarascáil.*

Cónaíonn 3,169 de na leanaí a atreoraítear chuig an gClár Athstiúrtha i Réigiún Bhaile Átha Cliath agus cónaíonn 1,954 duine breise i Réigiún an Deiscirt. Tugadh méadú 18% faoi deara i Roinn na hIarmhí ar an líon leanaí a atreoraíodh agus tháinig laghdú 26% i Roinn Mhaigh Eo ar an líon leanaí a atreoraíodh.


| Réigiún Óige | Iomlán | % Athrú 2015 | Rabhadh Neamhfhoirmiúil | Rabhadh Foirmiúil | Neamh oiriúnach | Gníomh Breise ar Bith | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiún BÁC** | **3,169** | **+2%** | **1,354** | **809** | **641** | **180** | **185** |
| RCBÁC Thoir | 316 | +5% | 133 | 59 | 64 | 26 | 34 |
| RCBÁC Thuaidh Láir | 251 | +5% | 107 | 50 | 60 | 20 | 14 |
| RCBÁC Thuaidh | 774 | +8% | 302 | 256 | 138 | 34 | 44 |
| RCBÁC Theas Láir | 193 | -11% | 75 | 34 | 49 | 21 | 14 |
| RCBÁC Theas | 685 | -4% | 349 | 125 | 151 | 35 | 25 |
| RCBÁC Thiar | 950 | +2% | 388 | 285 | 179 | 44 | 54 |
| **Réigiún an Oirthir** | **1,311** | **-3%** | **682** | **316** | **168** | **76** | **69** |
| Cill Dara | 367 | +10% | 216 | 62 | 43 | 23 | 23 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 264 | -3% | 139 | 60 | 36 | 17 | 12 |
| An Mhí | 259 | -14% | 117 | 83 | 33 | 16 | 10 |
| An Iarmhí | 182 | +18% | 80 | 53 | 27 | 11 | 11 |
| Cill Mhantáin | 239 | -18% | 130 | 58 | 29 | 9 | 13 |
| **Réigiún an Tuaiscirt** | **951** | **-5%** | **499** | **259** | **109** | **30** | **54** |
| An Cabhán / Muineachán | 267 | +6% | 157 | 67 | 22 | 5 | 16 |
| Dún na nGall | 282 | -14% | 142 | 94 | 24 | 9 | 13 |
| Lú | 249 | -6% | 114 | 60 | 39 | 13 | 23 |
| Sligeach / Liatroim | 153 | -4% | 86 | 38 | 24 | 3 | 2 |
| **Réigiún an Oirdheiscirt** | **1,151** | **-3%** | **595** | **307** | **146** | **54** | **49** |
| Cill Chainnigh/Ceatharlac | 252 | -10% | 142 | 57 | 23 | 13 | 17 |
| Tiobraid Árann | 304 | +0% | 139 | 94 | 49 | 11 | 11 |
| Port Láirge | 344 | -3% | 169 | 92 | 51 | 21 | 11 |
| Loch Garman | 251 | +0% | 145 | 64 | 23 | 9 | 10 |
| **Réigiún an Deiscirt** | **1,954** | **-0%** | **984** | **496** | **296** | **116** | **62** |
| Cathair Chorcaí | 554 | -3% | 275 | 107 | 110 | 49 | 13 |
| Corcaigh Thuaidh | 312 | +16% | 143 | 94 | 42 | 24 | 9 |
| Corcaigh Thiar | 216 | -8% | 111 | 63 | 36 | 4 | 2 |
| Ciarraí | 298 | +2% | 172 | 78 | 26 | 10 | 12 |
| Luimneach | 574 | -3% | 283 | 154 | 82 | 29 | 26 |
| **Réigiún an Iarthair** | **1,138** | **-10%** | **697** | **221** | **110** | **67** | **43** |
| An Clár | 353 | +14% | 230 | 57 | 36 | 13 | 17 |
| Gaillimh | 474 | -17% | 289 | 95 | 43 | 36 | 11 |
| Maigh Eo | 166 | -26% | 101 | 33 | 9 | 15 | 8 |
| Ros Comáin / an Longfort | 145 | -12% | 77 | 36 | 22 | 3 | 7 |
| **Lasmuigh den dlínse** | **133** | **+29%** | **49** | **14** | **9** | **48** | **13** |
| **Olliomlán** | **9,807** | **-2%** | **4,860** | **2,422** | **1,479** | **571** | **475** |

**Tábla 6: Líon na leanaí a atreoraíodh de réir Roinn an Gharda Síochána**

## Leanaí a dtugtar Rabhaidh Neamhfhoirmiúla/Fhoirmiúla dóibh


Fuair 7,282 leanbh rabhaidh Fhoirmiúla nó Neamhfhoirmiúla in 2015. Is ionann seo agus líon 2% níos lú ná na rabhaidh a fuarthas in 2016, bunaithe ar an atreorú is déanaí a fuarthas. Cuirtear seo i gcomparáid leis an laghdú foriomlán a tháinig ar na líonta leanaí a atreoraíodh in 2014 nuair a chuirtear i gcomparáid é le 2013, tráth inar tháinig laghdú 3% ar na líonta leanaí a atreoraíodh.

Buachaillí iad 72% díobh siúd a dtugtar rabhaidh dóibh agus cailíní iad 28% díobh.




**Fíor 5: Líon na leanaí ar tugadh rabhaidh fhoirmiúla/neamhfhoirmiúla dóibh sa tréimhse 2007-2015**

Measadh go raibh 74% de na leanaí oiriúnach lena gcuimsiú sa Chlár agus fuair 50% díobh Rabhadh Neamhfhoirmiúil agus fuair 25% Rabhadh Foirmiúil – bunaithe ar an atreorú is déanaí a fuarthas.




**Fíor 6: Comhréir na leanaí ar tugadh rabhaidh fhoirmiúla/neamhfhoirmiúla dóibh sa tréimhse 2007-2015**

## LEANAÍ A MHEASTAR ATÁ NEAMHOIRIÚNACH DON CHLÁR ATHSTIÚRTHA


Is féidir leanbh a thaifeadadh amhail bheith neamhoiriúnach más ann d'aon cheann de na nithe seo a leanas:

- Ní ghlacann an leanbh le freagracht as a gcuid iompair.
- Ní thoilíonn an leanbh dá rabhadh agus, de réir mar is cuí.
- Ní rachadh sé chun tairbhe na sochaí chun rabhadh a thabhairt don leanbh.
- Bíonn an leanbh ag athchiontú go dianseasmhach.

Beidh an Stiúrthóir sásta gurb iomchuí í iontráil an linbh isteach sa Chlár, gur chun leasa an linbh é agus go mbíonn sé comhsheasmhach le leasanna na sochaí agus aon íospartach/íospartaigh. Nuair a bhítear ag breithniú ar ghlacadh leis an leanbh isteach sa Chlár, is amhlaidh a thabharfar machnamh go cuí d'aon tuairimí a nochtann íospartach ar bith i ndáil le hiompar coiriúil nó frithshóisialta an linbh, ach ní bheidh toiliú an íospartaigh ina riachtanas dá nglacadh isteach. Seoltar na cásanna a mheastar atá neamhoiriúnach ar ais chuig lucht bainistíochta áitiúla an Gharda Síochána leis an deimhniú gur neamhoiriúnach é an leanbh dá n-áireamh sa Chlár Athstiúrtha. Is amhlaidh sin sa tsúil chun ionchúiseamh a thionscnamh os comhair na Cúirte.


Measadh go raibh 1,479 leanbh neamhoiriúnach don Chlár in 2015, ar laghdú é seo anuas ó 7% ar na 1,582 leanbh, ar an iomlán, in2014 – bunaithe ar an atreorú is déanaí a fuarthas. Tá an laghdú seo níos mó ná an laghdú 2% a tháinig ar an líon iomlán leanaí a atreoraíodh idir 2014 agus 2015.

Ba bhuachaillí 87% díobh siúd a measadh a bhí neamhoiriúnach lena gcuimsiú sa Chlár agus ba chailíní 13% díobh.





**Fíor 7: Líon na leanaí a measadh a bhí neamhoiriúnach lena gcuimsiú sa Chlár**

B'ionann comhréir na leanaí a measadh a bhí Neamhoiriúnach don Chlár agus 15% in 2015, arb ionann agus laghdú 16% ar an gcomhréir a bhí i gceist in 2014.



## ATREORUITHE:

Rinneadh 19,513 atreorú chuig an gClár Athstiúrtha in 2015, arb ionann sin agus 2% ní ba lú ná na 19,854 atreorú a rinneadh leis an gClár in 2014.




**Fíor 9: Líon na n-atreoruithe in 2007-2015**

Measadh go raibh 35% de na hatreoruithe Neamhoiriúnach don Chlár Athstiúrtha, déileáladh le 31% díobh trí Rabhadh Neamhfhoirmiúil agus déileáladh le 20% díobh trí Rabhadh Foirmiúil.


| Moladh | Iomlán | %+ |
|---|---|---|
| Neamhoiriúnach don Chlár Athstiúrtha | 6,913 | 35% |
| Rabhadh Neamhfhoirmiúil | 6,145 | 31% |
| Rabhadh Foirmiúil | 3,474 | 18% |
| Rabhadh Aisiríoch | 891 | 5% |
| Gníomh Breise ar Bith | 756 | 4% |
| *Eile | 1,334 | 7% |
| Olliomlán | 19,513 | 100% |

**Áirítear leis seo iarratais ar bhreis faisnéise*

**+ D'fhéadfadh nach ionann iomlán na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú**

**Tábla 7: Anailís ar atreoruithe don bhliain 2015**

Bhí comhréir na n-atreoruithe de gach saghas cobhsaí, den chuid ba mhó, idir 2014 agus 2015.




**Fíor 10: Comhréir na moltaí chun atreorú a dhéanamh idir 2014 agus 2015**
**D'fhéadfadh nach ionann iomlán na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú**

Eascraíonn an líon is mó atreoruithe ó Réigiún Bhaile Átha Cliath agus ó na lárionaid uirbeacha eile ar fud na tíre. Tháinig méadú 22% ar an líon atreoruithe in 2015 i Roinn Lú, agus tháinig laghdú 27% ar atreoruithe i Roinn na Mí.

| 2015 Réigiún / Roinn | Iomlán | %Athrú 2015 | Neamh oiriúnach | Rabhadh Neamhfhoirmiúil | Rabhadh Foirmiúil | Rabhadh Aisiríoch | Gníomh Breise ar Bith | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiún BÁC** | **6,921** | **+1%** | **2,885** | **1,848** | **1,284** | **237** | **260** | **407** |
| RCBÁC Thoir | 739 | -2% | 287 | 213 | 162 | 19 | 16 | 42 |
| RCBÁC Thuaidh Láir | 1,251 | +8% | 412 | 496 | 163 | 8 | 92 | 80 |
| RCBÁC Thuaidh | 1,272 | +2% | 512 | 290 | 228 | 86 | 31 | 125 |
| RCBÁC Theas Láir | 911 | -5% | 471 | 194 | 141 | 21 | 39 | 45 |
| RCBÁC Theas | 1,040 | -11% | 436 | 274 | 228 | 27 | 39 | 36 |
| RCBÁC Thiar | 1,708 | +10% | 767 | 381 | 362 | 76 | 43 | 79 |
| **Réigiún an Oirthir** | **2,563** | **-8%** | **903** | **765** | **467** | **90** | **107** | **231** |
| Cill Dara | 552 | +0% | 171 | 201 | 92 | 16 | 28 | 44 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 687 | +4% | 250 | 189 | 119 | 17 | 29 | 83 |
| An Mhí | 430 | -27% | 131 | 126 | 88 | 19 | 21 | 45 |
| An Iarmhí | 344 | -12% | 109 | 115 | 59 | 31 | 12 | 18 |
| Cill Mhantáin | 550 | -9% | 242 | 134 | 109 | 7 | 17 | 41 |
| **Réigiún an Tuaiscirt** | **2,000** | **+6%** | **570** | **712** | **338** | **145** | **51** | **184** |
| An Cabhán / Muineachán | 554 | +2% | 111 | 237 | 99 | 16 | 10 | 81 |
| Dún na nGall | 536 | -6% | 108 | 204 | 117 | 64 | 13 | 30 |
| Lú | 597 | +22% | 242 | 155 | 80 | 33 | 19 | 68 |
| Sligeach / Liatroim | 313 | +8% | 109 | 116 | 42 | 32 | 9 | 5 |
| **Réigiún an Oirdheiscirt** | **2,199** | **+5%** | **712** | **732** | **397** | **106** | **73** | **179** |
| Cill Chainnigh/Ceatharlac | 505 | +12% | 129 | 197 | 85 | 21 | 12 | 61 |
| Tiobraid Árann | 588 | +11% | 255 | 144 | 84 | 55 | 12 | 38 |
| Port Láirge | 721 | +12% | 251 | 227 | 140 | 15 | 32 | 56 |
| Loch Garman | 385 | -19% | 77 | 164 | 88 | 15 | 17 | 24 |
| **Réigiún an Deiscirt** | **3,912** | **-3%** | **1,411** | **1,220** | **670** | **260** | **167** | **184** |
| Cathair Chorcaí | 1,090 | -19% | 411 | 361 | 129 | 69 | 68 | 52 |
| Corcaigh Thuaidh | 502 | +6% | 120 | 157 | 86 | 79 | 21 | 39 |
| Corcaigh Thiar | 396 | +0% | 140 | 124 | 59 | 36 | 8 | 29 |
| Ciarraí | 688 | +16% | 266 | 234 | 122 | 38 | 15 | 13 |
| Luimneach | 1,236 | +1% | 474 | 344 | 274 | 38 | 55 | 51 |
| **Réigiún an Iarthair** | **1,900** | **-14%** | **432** | **868** | **318** | **35** | **98** | **149** |
| An Clár | 592 | -10% | 124 | 297 | 90 | 9 | 21 | 51 |
| Gaillimh | 783 | -18% | 187 | 345 | 144 | 14 | 48 | 45 |
| Maigh Eo | 254 | -23% | 38 | 131 | 41 | 5 | 22 | 17 |
| Ros Comáin / an Longfort | 271 | +6% | 83 | 95 | 43 | 7 | 7 | 36 |
| **Iomlán Náisiúnta** | **19,495** | **-2%** | **6,913 (-0%)** | **6,145 (-1%)** | **3,474 (-19%)** | **873* (-12%)** | **756 (-13%)** | **1,334 (+61%)** |

**Tábla 8: Atreoruithe chuig an gClár Athstiúrtha de réir Roinn an Gharda Síochána**
**Ní chuirtear figiúirí i dtaobh ógánaigh a chónaíonn lasmuigh den dlínsí san áireamh sa tábla thuas**

# 9
# CEARTAS AISIRÍOCH

Is próiseas saorálach é an ceartas aisiríoch mar a nglacann an duine óg freagracht as a (h)iompar ciontaithe agus mar a n-éiríonn siad freagrach dóibh siúd a ndearna siad díobháil dóibh. Tugtar an deis don íospartach chun a gcuid tuairimí a léiriú trí chruinniú pearsanta leis an duine óg nó trí chur i láthair a gcuid tuairimí ag duine

## CAD A LORGAÍONN CEARTAS AISIRÍOCH A BHAINT AMACH?

Déantar díobháil do dhuine nó do phobal éigin nuair a dhéantar cion nó coir. Téann an díobháil sin i bhfeidhm ar bhealach éigin ar an duine nó pobal sin. Déantar iarracht tríd an gceartas aisiríoch chun plé leis an díobháil trí chomhphlé agus déantar iarracht chun an díobháil sin a thabhairt chuig croílár an chomhphlé. Déantar amhlaidh ach glór a thabhairt don duine a ndeachaigh an choir i bhfeidhm orthu. Cruthaítear deis leis ansin don chiontóir chun an díobháil a d'eascair ón gcion a chur ina ceart agus chun oibriú i dtreo cosc a chur ar athchiontú. Ní bhaineann breithiúnas ná milleán le próiseas an Cheartais Aisiríoch.

## CÉ AR FÉIDIR LEO BAINT A BHEITH ACU ANN?

Is go saorálach a ghlacann gach aon duine a bhíonn páirteach i gcruinniú Ceartais Aisiríoch. Ba cheart go n-áireofaí leis na rannpháirtithe an duine óg a rinne an cion, a t(h)eaghlach agus an t-íospartach, agus féadann duine éigin eile teacht in éineacht leo chun tacú leo. Féadtar cuireadh a thabhairt ón íospartach nó ón duine óg do dhuine ar bith a fhéadann rannchuidiú go dearfach leis an bpróiseas. Is é OIÓ a eagraíonn an próiseas, agus is iondúil gur OIÓ eile le sainoiliúint a bhíonn mar chathaoirleach air. Áirítear leis na samplaí de dhaoine dá dtugtar cuireadh chun freastal air: daoine chun tacú leis an íospartach, oidí, oibrithe sóisialta, oiliúnóirí spórt agus oibrithe óige nó tionscadail.

## CAD A THARLAÍONN AG IMEACHT AISIRÍOCH?

Cuireann an cathaoirleach, ar OIÓ é/í, gach duine in aithne ar a chéile, agus tugann achoimre ar leagan amach an chruinnithe. Tugann an duine óg cuntas i leith a (h) iompair. Bíonn an deis ansin ag gach rannpháirtí chun a scéal a insint gan bhriseadh, agus chun an chaoi a ndeachaigh an t-iompar ciontaithe i bhfeidhm orthu a chur in iúl. Nuair a bhíonn cead cainte tugtha do gach aon duine ar mian leo labhairt, is amhlaidh a bheidh deis ann chun freagairt agus chun ceisteanna a chur. Tabharfar deis don chiontóir chun leithscéal a ghabháil, agus tabharfar deis don íospartach a dteastaíonn uathu ón gcruinniú a rá. Tarlaíonn comhrá ansin faoin gcaoi is fearr chun riachtanais an íospartaigh a shásamh agus chun aghaidh a thabhairt ar an díobháil. Pléitear ansin iompar an duine óig sa todhchaí. Aithneofar tacaíochtaí sa chruinniú de réir mar is féidir lena gcur i bhfeidhm chun cuidiú leis an duine óg chun cosc a chur lena (h)athchiontú.

## CÁ REÁCHTÁLFAR AN CRUINNIÚ?

Is féidir an cruinniú Ceartais Aisiríoch a reáchtáil ag ionad ar bith ar a gcomhaontaíonn na páirtithe a mbíonn dlúthbhaint dhíreach acu leis. D'fhonn torthaí fabhracha a bhaint amach, caithfidh go mbraitheann na páirtithe dá dtugtar cuireadh slán sábháilte agus ar a gcompord. Áirítear le samplaí de na hionaid sin lárionaid phobail, spórtlanna, agus lárionaid pharóiste, óstáin agus stáisiúin Ghardaí.

## CAD IAD NA TAIRBHÍ FÉIDEARTHA DON ÍOSPARTACH?

Is gné thábhachtach í go bhfaigheann íospartaigh cead cainte, chun a ndearcadh i leith an scéil a thabhairt agus chun tionchar iomlán an chiona orthu a mhíniú. Faigheann siad deis freisin chun bualadh leis na ciontóirí agus chun dúshlán a thabhairt in aghaidh a gcuid iompair. Tugtar le fios ón aiseolas ó íospartaigh gur cuiditheach é an próiseas seo chun bogadh ar aghaidh ón gcion. Féadann an cruinniú cuidiú leo freisin chun aon imní i leith íospairt fhéideartha na todhchaí a shárú nó chun freagraí a fháil do cheisteanna a chuireann as dóibh. Cé nach bhfuil aon ráthú ann don toradh deiridh, is féidir le híospartaigh tairbhe a bhaint freisin ó chúiteamh airgeadais nó ó chineálacha aisíoca eile. Tugadh le fios sa taighde le déanaí go raibh os cionn 90% de na híospartaigh sásta leis an mbealach inar pléadh leis an gcás trí leas a bhaint as an bpróiseas sin

## AN LÉIREOFAR MEAS AR PHRÍOBHÁIDEACHT?

Is de réir an dlí gur rúnda na saincheisteanna a nochtar ag an gcruinniú agus an t-ábhar d'aon chomhaontú ar a dtagtar, agus ní nochtfar iad d'aon duine gan chead roimh ré díobh siúd lena mbaineann. .

## CAD IAD NA TAIRBHÍ FÉIDEARTHA DON DUINE ÓG?

Soláthraítear leis an rabhadh aisiríoch agus leis an gcomhdháil deis don duine óg chun glacadh le freagracht as a c(h)uid gníomhartha agus chun cuntas a thabhairt i leith a n-iompair. Faigheann siad deis chun leithscéal a ghabháil go díreach leis an íospartach, agus de réir mar is cuí, chun rud éigin dearfach a dhéanamh chun an díobháil dá bharr a dheisiú. Déantar iarracht sa chruinniú chun cúnamh leis an duine óg chun athchiontú a chosc trí ghlacadh leis an toradh agus comhtháthú in athuair.

Tugadh 891 Rabhadh Aisiríoch sa bhliain 2015 anuas ó 993 Rabhadh Aisiríoch thiar sa bhliain 2014 .




**Fíor 11 – Líon na Rabhadh Aisiríoch in 2007-2015**

Mhéadaigh aon roinn déag (11) an líon rabhaidh aisiríocha a tugadh chun críche in 2015 i gcomparáid le figiúr 2014 .

**Tábla 10: Rabhaidh aisiríocha de réir Roinn an Gharda Síochána**

| Roinn | 2015 | % Athrú | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiún BÁC** | **237** | **-15%** | **278** | **254** | **213** |
| RCBÁC Thoir | 19 | -30% | 27 | 11 | 18 |
| RCBÁC Thuaidh Láir | 8 | -53% | 17 | 28 | 24 |
| RCBÁC Thuaidh | 86 | -37% | 136 | 136 | 73 |
| RCBÁC Theas Láir | 21 | +17% | 18 | 12 | 10 |
| RCBÁC Theas | 27 | +145% | 11 | 6 | 7 |
| RCBÁC Thiar | 76 | +10% | 69 | 61 | 81 |
| **Réigiún an Oirthir** | **90** | **-22%** | **116** | **103** | **96** |
| Cill Dara | 16 | -16% | 19 | 5 | 27 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 17 | -19% | 21 | 28 | 9 |
| An Mhí | 19 | -54% | 41 | 29 | 17 |
| An Iarmhí | 31 | +15% | 27 | 25 | 29 |
| Cill Mhantáin | 7 | -13% | 8 | 16 | 14 |
| **Réigiún an Tuaiscirt** | **145** | **-10%** | **162** | **81** | **96** |
| An Cabhán / Muineachán | 16 | -50% | 32 | 18 | 10 |
| Dún na nGall | 64 | -7% | 69 | 36 | 60 |
| Lú | 33 | -38% | 53 | 18 | 18 |
| Sligeach / Liatroim | 32 | +300% | 8 | 9 | 8 |
| **Réigiún an Oirdheiscirt** | **106** | **-2%** | **108** | **144** | **149** |
| Cill Chainnigh/Ceatharlach | 21 | +24% | 17 | 17 | 50 |
| Tiobraid Árann | 55 | +12% | 49 | 43 | 53 |
| Port Láirge | 15 | -42% | 26 | 36 | 16 |
| Loch Garman | 15 | -6% | 16 | 48 | 30 |
| **Réigiún an Deiscirt** | **260** | **-4%** | **272** | **265** | **405** |
| Cathair Chorcaí | 69 | +35% | 51 | 62 | 58 |
| Corcaigh Thuaidh | 79 | +22% | 65 | 73 | 78 |
| Corcaigh Thiar | 36 | +80% | 20 | 25 | 38 |
| Ciarraí | 38 | -17% | 46 | 48 | 134 |
| Luimneach | 38 | -58% | 90 | 57 | 97 |
| **Réigiún an Iarthair** | **35** | **-39%** | **57** | **60** | **76** |
| An Clár | 9 | -31% | 13 | 33 | 18 |
| Gaillimh | 14 | -60% | 35 | 13 | 44 |
| Maigh Eo | 5 | +0% | 5 | 13 | 8 |
| Ros Comáin / an Longfort | 7 | +75% | 4 | 1 | 6 |
| **Eile** | **18** | **---** | **0** | **2** | **1** |
| **Olliomlán** | **891** | **-10%** | **993** | **909** | **1,036** |

# 10 TIONSCADAIL ATHSHTIÚRTHA ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA

Bíonn Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (TAÓGSanna) ina dtionscnaimh phobalbhunaithe, ilghníomhaireachta a dhírítear go príomha chun daoine óga a athstiúradh a raibh rannpháirt acu le hiompar frithshóisialta agus/nó coiriúil ach gníomhaíochtaí oiriúnacha a sholáthar chun éascú don fhorbairt phearsanta, chun freagracht shibhialta a chur chun cinn agus chun ionchais fostaíochta fhadtéarmacha a fheabhsú. Féadtar oibriú le daoine óga sna tionscadail freisin a bhíonn go mór i mbaol bheith bainteach le hiompar frithshóisialta agus/nó coiriúil. Is tríd an saothar sin a rannchuireann na tionscadail le feabhsú cháilíocht na beatha laistigh de na pobail agus le feabhsú an chaidrimh idir an Garda

Oibrítear le daoine óga sna TAÓGSanna den chuid is mó ag aois idir 12 agus 18 mbliana déag, a tháinig trasna an dlí nó atá i mbaol an dlí a thrasnú. Atreoraítear a mhéid le 5,000 duine óg chuig cláir athstiúrtha gach aon bhliain, agus atreoraítear 55% díobh siúd tar éis rabhaidh OIÓ; is féidir Garda éigin eile, gníomhaireacht eile, oibrí pobail nó duine dá muintir an leanbh a atreorú freisin.

Oibrítear leis an leanbh sa tionscadal agus socraítear plean idirghabhála aonair dó/di ina bhféachtar chun cúnamh leis an leanbh chun a gcuid cinnteoireachta a scrúdú, trí dhíriú ar chinntí óna dtagann a gcuid cionta agus ar an ngá d'athrú meoin. Baineann foireann an tionscadail leas as teicníochtaí agallóireachta spreagthacha chun an t-athrú sin a éascú agus baintear leas as samhaltú sóisialta chun dúshlán a thabhairt in aghaidh dhearcthaí agus iompar an rannpháirtí aonair.

Soláthraítear cúnamh agus tacaíocht freisin do theaghlach an rannpháirtí, agus aithnítear go gcaithfear aon athrú ar dhearcthaí agus iompar an rannpháirtí a atreisiú go dearfach sa bhaile, ar scoil, laistigh de phiarghrúpaí agus sa phobal.

Tá Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána tar éis oibriú go dlúth i rith na bliana 2015 le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig (SÉCAÓ) chun na hidirghabhálacha a sholáthraítear trí na tionscadail a fheabhsú. Díríodh an saothar go sonrach ar athailíniú thorthaí an tionscadail leis na treochtaí áitiúla sa choireacht. Bhain aithint na n-eochaircheisteanna i ndáil le cionta óige ina nDúichí féin ag lucht bainistíochta áitiúil an Gharda, agus oibriú leis an tionscadal chun idirghabhálacha iomchuí a dhearadh agus a fhorfheidhmiú laistigh de na heochairlimistéir chun dúshlán a thabhairt i gcoinne iompar ciontaithe aitheanta.

**Cistiú Thionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána 2015**

Leithdháileadh suim beagán faoi bhun €17 milliún do Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig i dtreo beartas agus cláir um choireacht óige in 2015.

Leithdháileadh €11.7 milliún chun Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (TAÓGSanna) a sholáthar.

Leithdháileadh €2.8 milliún sa bhreis ó Scéim na gCuntas Díomhaoin chun tacú le tionscadail nua, oibrithe breise um cheartas i leith an aosa óig agus le tionscnaimh nua eile. I rith 2015, cinneadh gurb iad seo a leanas na láithreacha le haghaidh deich dtionscadal bhreise:

1. Leamhcán
2. Cill Mhaighneann
3. Baile Brigín
4. Cill Easra/Cill Bharróg/Ráth Eanaigh
5. An Nás
6. Carraig Uí Leighin
7. An tAonach
8. Domhnach Cearna/Fionnradharc/Cluain Tarbh
9. Baile Átha Í
10. Ráth Caola

Ó 2015 ar aghaidh, tá gach TAÓGS á chomhchistiú faoin gClár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) de chuid Chlár Chiste Sóisialta na

# LÁTHAIR THIONSCADAIL REATHA ATHSTIÚRTHA ÓIGE

| Réigiún | Roinn: | Stáisiún Áitiúil: | TAÓGS |
|---|---|---|---|
| An Tuaisceart | An Cabhán/Muineachán | An Cabhán | An Cabhán 365 |
| | | Muineachán | MNYP |
| | Sligeach / Liatroim | Sligeach | Tionscadal Gníomhaíochta Óige Shligigh |
| | Lú | Droichead Átha (x2) | An Bhóinn, CABLE |
| | | Dún Dealgan (x2) | TEAM, High Voltage |
| | Dún na nGall | Leitir Ceanainn | TAÓGS an Fháil Charraigh |
| | | Baile na nGallóglach | LEAF |
| An tIarthar | An Clár | Inis | Óige na hInse |
| | | Cill Rois | TAÓGS Chill Rois |
| | Gaillimh | Sráid an Mhuilinn, Gaillimh (x2) | BÁN, MEAS |
| | | Tuaim | Treo Nua |
| | | Béal Átha na Sluaighe | Junction |
| | Ros Comáin / an Longfort | Ros Comáin | RAD |
| | | An Longfort | LEAP |
| | Maigh Eo | Béal an Átha | Gníomhaíocht Óige, Béal an Átha |
| | | Caisleán an Bharraigh | Tionscadal Gníomhaíochta Óige Chaisleán an Bharraigh |
| An Deisceart | Cathair Chorcaí | Garrán na mBráthar (x2) | Tionscadal Gníomhaíochta Bhaile an Chollaigh, Cnoc na hAoine, Cnoc an Chuillinn |
| | | Baile na mBocht (x2) | FAYRE, GAP |
| | | Sráid Anglesea | MAY |
| | | An Tóchar (x2) | TACT, Dúglas Thiar |
| | Corcaigh Thuaidh | An Cóbh | Feabhas |
| | | Mala | TAÓGS Mhala |
| | | Eochaill | TAÓGS Eochaille |
| | Corcaigh Thiar | Droichead na Bandan | Óige Dhroichead na Bandan |
| | Ciarraí | Trá Lí (x3) | MY, JUST US, Connect 7 |
| | | Liost Tuathail | NK10 |
| | | Cill Airne | BAPADE |
| | | Oileán Chiarraí | An tOileán |
| | Luimneach | Luimneach (x5) | Óige Bhaile Uí Neachtain, CCYDG, Óige an Bhaile Ghaelaigh, Oileán an Rí, Tionscnamh Óige an Taoibh ó Dheas |
| | | An Caisleán Nua | Iarthar Luimnigh |
| An tOirdheisceart | Tiobraid Árann | Cluain Meala (x2) | CYD, EDGE |
| | | Baile Thiobraid Árann | TAR |
| | | Ros Cré | RAY |
| | Port Láirge | Port Láirge (x3) | BALL, SWAY, PACT |
| | | Trá Mhór | TYRE |
| | | Dún Garbhán | DAY |
| | Loch Garman | Loch Garman | SAFE |
| | | Inis Córthaidh | An tSláine |
| | | Ros Mhic Thriúin | Tréoin |
| | Cill Chainnigh / Ceatharlach | Cill Chainnigh | COMPASS |
| | | Ceatharlach | HUB |
| An tOirthear | Cill Dara | Droichead Nua | An Currach, Droichead Nua |
| | | Léim an Bhradáin | Óige an Droichid |
| | Laois / Uíbh Fhailí | Port Laoise (x2) | BLOCK, PORT |
| | | Tulach Mhór (x2) | Fusion, ACORN |
| | | Biorra | SUB |
| | An Mhí | An Uaimh | NYPD |
| | | Baile Átha Troim | SMART |
| | An Iarmhí | Baile Átha Luain | ALF |
| | | An Muillean gCearr | EYE |
| | Cill Mhantáin | Bré | New Directions |
| | | Cill Mhantáin | WAY |
| Baile Átha Cliath Réigiún na Cathrach | An tOirthear | Dún Laoghaire (x2) | LAB, Castle |
| | | Seanchill | SAY |
| | An Lár Thuaidh | Sráid Mhic Giobúin (x3) | DIME, HAY, MICKOL |
| | | Gleann Bhríde | MOST |
| | | Sráid an Stórais | SWAN |
| | An Tuaisceart | An Chúlóg (x2) | Gleann na Coille, an Choill Mhór |
| | | Baile Munna | Baile Munna |
| | | Sord | JETS |
| | An Lár Theas | Sráid Chaoimhín (x2) | DÁN, Club na Saoirsí |
| | An Deisceart | Tamhlacht (x5) | APT, Boost, JAY, KEY, YEW |
| | | Cromghlinn (x2) | TAÓGS Brú / CLAY |
| | An tIarthar | Cluain Dolcáin (x3) | GRAFT, SWIFT, Valley |
| | | Baile Bhlainséir (x3) | WEB 1/ WEB 2 / ORB |
| | | Baile Formaid (x2) | CODY, ABLE |
| | | An Chabrach | Cabra Step Up |
| | | Fionnghlas (x2) | EFFORT, FAN |

# 11
# FORBAIRTÍ A THÁINIG AR ATHSTIÚRADH IN 2015

Rinneadh roinnt forbairtí in 2015 a chuirfidh feabhas mór ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha agus a chabhróidh chun seirbhís níos fearr a sholáthar do chiontóirí óige, íospartaigh na coireachta, comhaltaí an Gharda Síochána, agus don chóras ceartais choiriúil in Éirinn amach anseo .

- **Athbhreithniú ar an gClár Athstiúrtha**
  Mar fhreagairt ar thuarascáil 2014 Chigireacht an Gharda Síochána ar Imscrúdú na Coireachta, d'ordaigh Coimisinéir an Gharda Síochána go ndéanfaí athbhreithniú ar an gClár Athstiúrtha. Tá an Breitheamh ar scor, Gillian Hussey, mar chathaoirleach ar an ngrúpa agus tá ann ionadaithe ó áiteanna ar fud na hearnála um cheartas i leith an aosa óig.
    - An Coimisinéir Cúnta Jack Nolan, an Garda Síochána
    - An Coimisinéir Cúnta Anne Marie McMahon, an Garda Síochána
    - An tUasal Ursula Fernee, Seirbhísí Promhaidh
    - An tUasal Niall Lombard, Oifig an DPP
    - An tOllamh Ursula Kilkelly, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
    - An tUasal Michael Kelly, Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig
    - An Ceannfort Séamus Nolan (Rúnaí leis an ngrúpa)

  Is iad téarmaí tagartha an Ghrúpa Athbhreithnithe chun an méid a leanas a dhéanamh:
    - Scrúdú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar riar an Chlair Athstiúrtha Óige
    - Scrúdú a dhéanamh ar an reachtaíocht ábhartha
    - Taighde a dhéanamh ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le hathstiúradh óige
    - Moltaí a dhéanamh

  Chuir an Grúpa Athbhreithnithe cruinnithe ar bun i gcaitheamh 2015 agus táthar ag súil le tuarascáil an ghrúpa go déanach in 2016 .

- **Athbhreithniú Inmheánach Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána**
  Tá an Garda Síochána ag tabhairt faoi athbhreithniú inmheánach faoi láthair ar chleachtais agus nósanna imeachta ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána mar chuid de phróiseas rialaithe cáilíochta. Cuireadh roinnt cruinnithe ar bun agus i ndiaidh cuairt a thabhairt ar an láthair, sainaithníodh limistéir áirithe a rachadh scrúdú chun sochair dóibh;
    - PULSE
    - Bainistíocht agus monatóireacht comhad,
    - Nósanna imeachta oifige ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána,
    - Oiliúint foirne
    - An fhreagracht atá ar dhaoine faoin bpróiseas Atreoraithe Athstiúrtha Óige agus imscrúduithe ina dhiaidh sin .

  Tugadh faoi scrúduithe ar na limistéir éagsúla phróisis i rith 2015 agus táthar ag súil leis an tuarascáil deiridh i Ráithe 3 2016.

# 12
# MOLTAÍ

**Molann an Coiste an méid seo a leanas:**

- Tabharfar an tAthbhreithniú ar an gClár Athstiúrtha chun críche faoi dheireadh 2016.
- Ba cheart béim a leagan ar chiontú óige ag cruinnithe Feidhmíochta agus Cuntasachta (FAC) Roinne agus Ceantair.
- Ba cheart don Gharda Síochána agus do Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig leanúint ag infheistiú in athstiúradh óige mar thosaíocht.
- Breithniúchán a dhéanamh ar na 5% de chiontóirí óga a mheastar atá neamhoiriúnach faoi láthair le haghaidh athstiúrtha agus a chomhlíonann critéir chomhaontaithe den chuid is mó ina measc siúd ar dóchúil go leanfaidh siad ag ciontú san fhadtéarma. Faoi mar a shainaithnítear go soiléir san fhaisnéis a sholáthraítear sa tuarascáil seo, tugadh roinnt rabhadh don chohórt seo, i bhformhór na gcásanna agus tá breis agus 30% den choireacht Óige go léir á déanamh acu. Féadfaidh sonraí reatha an Gharda Síochána na daoine óga seo a shainaithint agus molaimid go tréan go ndírítear acmhainní Athstiúrtha ar an ngrúpa seo.
- Déantar athmhachnamh ar úsáid an fhocail 'Óige/Ógánach'. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar théar-maí níos oiriúnaí, 'leanbh' agus/nó 'duine óg' ina measc.
- Ba cheart don Gharda Síochána forbairt na hOifige Athstiúrtha Óige a chur chun cinn chun freastal ar ria-chtanais fhairsinge leanaí sa chóras ceartais choiriúil, ina measc siúd na leanaí atá faoi chúram an Stáit a mbíonn teagmháil acu leis an gClár Athstiúrtha Óige.
- Ba cheart breithniú a dhéanamh ar mhaoirseacht agus tacaíocht a threisiú le haghaidh OIÓanna sna Ranna siúd nach bhfuil Sáirsint OIÓ iontu faoi láthair.